*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -*
*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

***Providing Inspection Services for***
**Department of Education**
**Department for Employment and Learning**
**Department of Culture, Arts and Leisure**

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

## Gaelscoil na bhFál
## Béal Feirste

## Dáta na Cigireachta: Aibreán 2001

# CLÁR

**Cuid** **Leathanach**


1. RÉAMHRÁ
2. ACHOIMRE AR NA PRÍOMHBHREITHIÚNAIS
3. CÁILÍOCHT OBAIR NA BPÁISTÍ
4. CÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS NA MÚINTEOIREACHTA
5. RÉIMSÍ STAIDÉIR
6. SOCRUITHE BAINISTEOIREACHTA
7. CONCLÚID

**BILEOG BHUNEOLAIS (BBE) - BUNSCOILEANNA**

A. i. **Scoil: Gaelscoil na bhFál**
**Béal Feirste**

iii. **Dáta na Cigireachta: S/T 23/04/01**

ii. **Uimhir Thagartha na Scoile: 104-6571**

iv. **Nádúr na Cigireachta: Ginearálta**

B.

| **Scoilbhliain** | **1996/97** | **1997/98** | **1998/99** | **1999/00** | **2000/01** |
|---|---|---|---|---|---|
| Iontráil Bhliain 1 | 36 | 33 | 26 | 37 | 34 |
| **Clárúcháin** Bunranganna | 190 | 195 | 187 | 192 | 164 |
| Réamhrang Fáiltithe | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Rang(anna) Naíolainne | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Aonad Speisialta | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

Is é is clárúchán don bhliain reatha ann an líon ar an lá a fógraíodh an chigireacht.
Do na blianta cheana, is é an líon sa chuntas bhliantúil chun na Roinne Oideachais é.

Is ar iomlán na gclárúchán bunranganna agus réamhranga fáiltithe amháin ba cheart a bhunófaí na comhairimh ag C agus D.

C. Meánlíon Tinrimh na Scoilbhliana seo Caite
(á thabhairt mar chéatadán): 94.85%

| | **Bunranganna & Réamhrang** | **Aonad Naíolainne** | **Aonad Speisialta** |
|---|---|---|---|
| D. i. Líon na Múinteoirí (an príomhoide agus múinteoirí páirtaimseartha san áireamh): (Is ionann lánaimseartha agus 25 uair teagaisc) | 9.6 | - | - |

ii. CDM (Coibhneas Dalta/Múinteoir) 20.5 CDM TÉ: 19.9

iii. Meánlíon Ranga: 20.5

iv. Líon Ranga (Réimse): 15-23

v. Taca Coimhdeach:
Líon Uaireanta **Sa tSeachtain**:

| | | |
|---|---|---|
| i. | Taca Cléireachais: | 28 |
| ii. | Taca Oifigiúil 'Ag Déanamh Tús Maith': | 25 |
| iii. | 'Ag Déanamh Tús Maith' ag maoiniú uaireanta breise agus taca eile cúntóireacht ranga: | 53 |

vi. Líon na ndaltaí le ráiteas ar riachtanais speisialta oideachasúla: 0

vii. Líon na bpáistí nach bhfuil aois reachtúil scoile acu: 0

viii. Céatadán na bpáistí atá i dteideal béilí scoile saor in aisce: 57.31%

## 1. RÉAMHRÁ

1.1 Tá Gaelscoil na bhFál, bunscoil lán-Ghaeilge, suite ar láthair úr i gCorrán Uíbh Eachach, in aice le Bóthar na bhFál in Iarthar Bhéal Feirste. Osclaíodh an scoil i 1987 agus tugadh stádas cothaithe di sa bhliain 1992. Bhain an clárúchán buaic amach le 195 i 1997/1998 agus thit go 164 sa scoilbhliain 2000/2001. Is as ceantar na scoile agus máguaird an chuid is mó de na páistí; tagann roinnt bheag as níos faide ar shiúl. Tá níos mó ná 57% de na páistí i dteideal béilí scoile saor in aisce.

1.2 Mar chuid de na socruithe don chigireacht ar Thréadchúram (TC) chomhlánaigh na tuismitheoirí ceistiúcháin, agus bhí cruinnithe leis na tuismitheoirí, gobharnóirí agus páistí ann. Bhí formhór na gceistiúchán a fuarthas ar ais ó na tuismitheoirí tacúil i leith obair na scoile. Bhain na ceisteanna is coitianta a tharraing na tuismitheoirí anuas le hathrúchán san fhoireann teagaisc ar na mallaibh, roinnt easpa eolais i measc tuismitheoirí faoi Thréadchúram agus faoi Chosaint Leanaí, roinnt agús faoi leithne an churaclaim agus faoi oiriúnacht na hoibre i dtaobh riachtanais na bpáistí, iad siúd le riachtanais speisialta oideachasúla (RSO) san áireamh, agus réimse teoranta na n-imeachtaí seachscoile. Pléitear na pointí sin i gcorp na tuarascála. Thug na páistí le fios go mothaíonn siad slán sábháilte sa scoil agus go dtuigeann siad na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag na múinteoirí agus ag an fhoireann tacaíochta ar a son.

1.3 Rinneadh an chigireacht ar iarratas Bhord Gobharnóirí na scoile.

## 2. ACHOIMRE AR NA PRÍOMHBHREITHIÚNAIS

2.1 Tá na páistí dea-mhúinte, cairdiúil agus forbhfáilteach roimh chuairteoirí. Tá na caidrimh sa seomra ranga go maith.

2.2 Tá na múinteoirí díograiseach agus iad tugtha do na páistí. Tá caighdeán na múinteoireachta slán stuama, mar is dual, agus tá níos mó buanna ag roinnt leis ná mar atá de laigí ann; breathnaíodh roinnt mhaith samplaí de cheachtanna maithe i rith na cigireachta. Is go leanúnach dúthrachtach a oibríonn na múinteoirí le háiseanna a chruthú chun tacú le príomhghnéithe dá gcuid oibre.

2.3 Tá freastal á dhéanamh ar riachtanais Ghaeilge na bpáistí ar dhóigh rianúil mhothálach. Éiríonn na páistí comhtháite go maith i bpobal Gaeilge na scoile. Tá naisc láidre ag an scoil leis an ionad pobail taobh léi agus leis na háiseanna réamhscoile Gaeilge atá ar fáil ann.

2.4 D’ainneoin eispéiris fhiúntacha ag na páistí taobh istigh de réimsí staidéir Churaclam Thuaisceart Éireann (CTÉ), tá easpa fairsinge sa churaclam i gcoitinne. Tá gá ann níos mó áiméar a chur ar fáil do na páistí le cruthaitheacht, neamhspleáchas agus freagracht a fhorbairt. Cuireann an scoil réimse teoranta d’imeachtaí seachscoile ar fáil.

2.5 Tá suim ag na páistí ina gcuid oibre agus aird acu uirthi den chuid is mó; oibríonn siad go toilteanach ar na tascanna a leagtar orthu. Nuair a thugtar an seans dóibh, comhoibríonn siad go héifeachtach ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí beaga. Bíonn a gcuid freagraí béil cruinn de ghnáth ach thiocfadh leo bheith níos leathnaithe. Scríobhann na páistí le haghaidh cuspóirí áirithe; cé go mbíonn an obair scríofa ar chaighdeán sásúil nó níos fearr, bíonn difríochtaí i gcaighdeán na scríbhneoireachta agus i gcaighdeán chur i láthair na hoibre scríofa taobh istigh de na ranganna agus ó rang go chéile. Tá easpa muiníne ar chuid mhaith de na páistí i réimsí den mhatamaitic agus fanann a gcaighdeáin íseal.

2.6 Tá ráiteas úsáideach polasaí curtha le chéile ag an scoil leis an riar ar Riachtanais Speisialta Oideachasúla (RSO) a threorú. Tá pleananna tacú foghlama curtha i bhfeidhm do beagnach formhór na bpáistí atá ar chlár RSO na scoile. Bíonn na seisiúin tacaíochta á stiúradh ar dhóigh dhearfach, ag díriú go príomha ar fhorbairt scileanna léitheoireachta na bpáistí. Ba chóir go mbeadh de bhun leis an soláthar, agus go gcuimseofaí ann, luacháil ab fhoirmeálta ar dhul chun cinn na bpáistí agus ba cheart páirtíocht ba leithne ag na tuismitheoirí ann.

2.7 Tá polasaithe ceaptha ag an scoil do Thréadchúram agus do Chosaint Leanaí; cionn is nach bhfuil cur i bhfeidhm na bpolasaithe seo críochnaithe, ní leanann siad go hiomlán de réir na treorach a tugadh in Imlitir 1999/10 na Roinne Oideachais. Níl sé ceilte ar an scoil go bhfuil tuilleadh traenála ag teastáil ón fhoireann agus go mothaíonn roinnt tuismitheoirí nár tugadh go leor eolais dóibh ar ghnásanna Cosaint Leanaí.

2.8 Tá mórchlaochlú le sonrú ar an fhoireann le bliain anuas; tá beagnach leath na foirne láithrí ag cleachtadh na múinteoireachta ach le tamall beag anuas. Is am fíorchuí é seo don scoil le rólanna agus freagrachtaí na múinteoirí a athshainmhíniú, agus le riachtanais traenála a aithint. Tá comhordú foirmeálta in easnamh i roinnt réimsí tábhachtacha de churaclam na scoile. Tá fianaise ann go rabhthas ag comhoibriú go torthúil ar na mallaibh i roinnt réimsí den churaclam. Ní mór, áfach, forbairt níos rianúla a dhéanamh ar ról an chomhordaitheora agus ar an dóigh a ndéantar comhordú.

2.9 Tá ráitis leathana polasaí ag an scoil lena hobair a threorú sa chuid is mó de na réimsí; ní mór don scoil polasaithe a fhorbairt le treoir a thabhairt dá hobair sa Bhéarla agus sna téamaí oideachasúla. D'oibrigh Bord na nGobharnóirí, a cuireadh le chéile in athuair ar na mallaibh, leis an phríomhoide le plean gníomhaíochta uileghabhálach a cheapadh ina n-aithnítear roinnt gnéithe de chlár na scoile a bhfuil díth forbartha orthu. Beidh de thábhacht ag an scoil tosaíocht a thabhairt do na réimsí seo, agus mionchur síos a dhéanamh ar chritéir áirithe ratha, ar straitéisí cur i gcrích, ar riachtanais traenála inseirbhíse, ar impleachtaí airgeadais, agus ar shocruithe do luacháil fhoirmeálta. Tá ceannaireacht shoiléir de dhíth ón phríomhoide agus ó na sealbhóirí eile poist chun go gcinnteofar go gcuirfear straitéisí ar bun le cáilíocht na múinteoireachta agus na foghlama a neartú, a mhonatóireacht agus a luacháil.

2.10 Tá an scoil, a tógadh ar leithligh, suite ar láthair úr; tá cáilíocht na bhfoirgneamh ar fheabhas Éireann.

2.11 Tá buanna ag an scoil, mar atá na múinteoirí díograiseacha, dea-iompar na bpáistí, cáilíocht mhórchuid na múinteoireachta, an dul chun cinn nach beag i bhforbairt scileanna Gaeilge na bpáistí, na foirgnimh fhíormhaithe agus na naisc láidre leis an ionad áitiúil réamhscoile. Tá réimsí is féidir a fheabhsú arna n-aithint ag an chigireacht: ina measc, an gá le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar phleanáil agus chomhordú uilescoile, an riar ar RSO, fairsinge agus cothromaíocht eispéiris churaclaim na bpáistí, réimse na n-imeachtaí seachscoile agus modhanna aontaithe i leith mharcáil obair na bpáistí. Caithfear tabhairt faoi na réimsí seo má tá an scoil le freastal is comhsheasmhaí a dhéanamh ar riachtanais na bpáistí uile.

## 3. CÁILÍOCHT OBAIR NA BPÁISTÍ

### 3.1 EITEOS

3.1.1 Tá na páistí dea-mhúinte agus is iondúil go n-iompraíonn siad iad féin go maith. Comhoibríonn siad leis na múinteoirí, agus tá siad cairdiúil agus forbhfáilteach roimh chuairteoirí. Tá na caidrimh sa seomra ranga go maith.

3.1.2 Tá naisc láidre thorthúla ag an scoil le hIonad Uíbh Eachach, eagraíocht pobail atá suite ar láthair taobh leis an scoil agus a chuireann seirbhísí tacaíochta ar fáil do thuismitheoirí a bhfreastalaíonn a gcuid páistí ar Ghaelscoil na bhFál. Freastalaíonn páistí ó Ghaelscoil na bhFál ar an chlub iarscoile agus ar na scéimeanna samhraidh a bhíonn lonnaithe san ionad seo. Aithníonn an scoil an gá le forbairt agus leathnú a dhéanamh ar an réimse teoranta d'imeachtaí seachscoile a chuireann sí ar fáil faoi láthair.

3.1.3 Tá polasaithe ceaptha ag an scoil do Thréadchúram agus do Chosaint Leanaí; cionn is nach bhfuil cur i bhfeidhm na bpolasaithe seo críochnaithe, ní leanann siad go hiomlán de réir na treorach a tugadh in Imlitir 1999/10 na Roinne Oideachais. Níl sé ceilte ar an scoil go bhfuil tuilleadh traenála d'fheidhm ar an fhoireann agus go mothaíonn roinnt tuismitheoirí nár tugadh go leor eolais dóibh ar ghnásanna Cosaint Leanaí.

3.1.4 Tháinig an scoil trí thréimhse inar chaill sí muinín mionlach tuismitheoirí. Ar na cúiseanna a bhain leis seo bhí imeacht roinnt den fhoireann teagaisc, agus dá bharr baineadh roinnt páistí den scoil. Tá comharthaí ann go maireann teannas idir an scoil agus cuid de na tuismitheoirí, agus i measc cuid bheag den fhoireann. Beidh sé tábhachtach go n-oibreoidh gach duine a bhfuil baint aige/aici leis an scoil d'aon lámh le go ndéanfar cinnte de go leanfaidh an scéal seo bealach a leasa, ar mhaithe le leas iomlán na bpáistí.

## 4. CÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS NA MÚINTEOIREACHTA

4.1 Bíonn cáipéisí pleanála á gcur le chéile ag na múinteoirí ar bhonn séisheachtainiúil d'fhonn tacú lena gcuid oibre. Léiríonn siad seo na himeachtaí a bhfuiltear ag tabhairt fúthu agus, agus sa chuid is fearr díobh, cuirtear béim chuí ar na spriocanna foghlama, soiléirítear naisc thraschuraclaim, agus léirítear fianaise ar luacháil agus ar iarbhreithniú. Cuireann múinteoirí indibhidiúla leis na pleananna seo, trí threoracha níos cruinne agus ábhair thacaíochta a chur ar fáil. Ní mór an phleanáil seo a thabhairt le chéile, ar leibhéal eochairchéime agus ar leibhéal uilescoile, le tuilleadh leanúnachais in eispéiris na bpáistí a chinntiú. Bhí toradh ar an phleanáil a rinneadh don stair agus don eolaíocht ar na mallaibh; ba cheart go rachfaí i mbun réimsí eile de chuid an churaclaim ar an dóigh seo.

4.2 Tá cáilíocht na múinteoireachta slán stuama, mar is dual, agus tá níos mó buanna ag roinnt léi ná mar atá de laigí ann; breathnaíodh roinnt samplaí de cheachtanna maithe i rith na cigireachta. Oibríonn na múinteoirí go díograiseach lena chinntiú go gcuirtear gach páiste san áireamh agus go mbíonn páirt á glacadh ag gach duine acu; éiríonn leo sa chuid is mó de na ceachtanna. Úsáideann na múinteoirí réimse cuí sa chur chuige le dul i mbun na hoibre agus bíonn sprioc inbhainte amach san obair féin. Ba chóir an deis a thapú chun níos mó de na himeachtaí a cheangal le spéiseanna na bpáistí, agus níos mó áiméar a chur ar fáil dóibh freagracht a ghlacadh, agus chun cruthaitheacht agus neamhspleáchas a léiriú.

4.3 Tá suim ag na páistí ina gcuid oibre agus aird acu uirthi den chuid is mó; oibríonn siad go toilteanach ar na tascanna a leagtar orthu. Nuair a thugtar an seans dóibh, comhoibríonn siad go héifeachtach ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí beaga. Bíonn a gcuid freagraí béil cruinn, de ghnáth, ach thiocfadh leo bheith níos leathnaithe. In ainneoin go mbíonn an obair scríofa ar chaighdeán sásúil nó níos fearr, in amanna bíonn easpa doimhneachta i bhfreagraí scríofa na bpáistí is sine, agus ní bhíonn an leagan amach chomh maith agus a thiocfadh leis a bheith.

4.4 Tá polasaí cúntach ag an scoil ar mheasúnú, thaifeadadh agus thuairisciú; cuirtear tuairisc fhoirmeálta, a mbíonn mionsonraí inti, ar fáil uair sa bhliain, agus tugann na tuismitheoirí cuairt ar an scoil le dul chun cinn a bpáistí a ionramháil. Déantar measúnú inmheánach ar bhonn rialta, agus déantar monatóireacht ar obair na bpáistí ar bhonn leanúnach. Ní bhíonn cáilíocht mhionsonraí scríofa na múinteoirí ar aon dul lena chéile; tugtar mionsonraí dearfacha go minic, ach ní leor an treoir a chuirtear ar fáil i dtaca leis an dóigh ar féidir obair na bpáistí a fheabhsú. Is amhlaidh a bhainfeadh na páistí tairbhe as gnéithe den fhéinmheasúnú. Tá tús curtha ag an scoil le taifead sistéamúil de dhul chun cinn na bpáistí a choinneáil, taifead ina mbíonn samplaí dá gcuid oibre san áireamh; caithfear an taifead seo, agus an Taifead Gnóthachtála (TaG) do pháistí i mbliain 7, a fhorbairt níos iomláine.

4.5 Bíonn gnéithe de na téamaí oideachasúla mar an t-oideachas i dtreo na sláinte, an t-oideachas i dtreo na comhthuisceana (OTC) agus an oidhreacht chultúrtha, bíonn siad á gcomhshnaidhmeadh le cuid de na gníomhaíochtaí múinteoireachta agus foghlama. Ar an iomlán, áfach, tá easpa comhordaithe ag baint le téamaí oideachasúla CTÉ fud fad na scoile; níl go leor den chomhtháthú ná den leanúnachas sa toise seo d'fhoghlaim na bpáistí.

4.6 Tá obair na scoile i dtaca le teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide (TEC) ag céim luath a forbartha. Tá polasaí do TEC agus scéimeanna oibre á bhforbairt faoi láthair. Tá croífhoireann bunaithe agus tá na múinteoirí ag cur lena muinín agus lena n-inniúlacht ó thaobh úsáid TEC. Tá tacar de ríomhairí úra ilmheáin sa scoil agus breathnaíodh roinnt samplaí maithe de TEC le linn na cigireachta, go háirithe i bpróiseáil focal, sa tacú le litearthacht agus uimhearthacht. Baineann na páistí óga taitneamh as bheith ag obair leis na ríomhairí; léiríonn siad spreagadh agus buanseasmhacht mhaith. Siúd is go mbíonn eispéiris fhiúntacha acu sa chumarsáid, tá faill mhór go fóill ann le TEC a chomhtháthú níos sistéamúla i bhfoghlaim na bpáistí agus le níos mó deiseanna a chur ar fáil, ag an dá eochairchéim, chun scileanna na bpáistí a fhorbairt sna ceithre shnáithín de TEC.

4.7 Tá an scoil ag cur tús le pleanáil chuí do shúgradh struchtúrtha a fhorbairt; is minic a réamhbheartaítear na seisiúin chun téamaí agus toipicí an ranga a chur san áireamh. Bíonn deiseanna ag na páistí páirt a ghlacadh i réimse maith imeachtaí; bíonn na páistí dea-shocraithe den chuid is mó, coinníonn siad orthu lena gcuid tascanna, agus comhoibríonn go maith lena chéile. Na daoine fásta a bhíonn ag cúnamh anseo, úsáideann siad na seisiúin go maith le teanga na bpáistí a fhorbairt trí cheistiú agus idirphlé. Ar chorrócáid, bíonn an líon mór imeachtaí ina chúis do na páistí bheith ag obair ina n-aonar, agus ní fhreastalaítear go hiomlán na háiméir chun cumas cainte na bpáistí a fhorbairt trí thascanna grúpaí agus trí idirghníomhaíocht lena gcomhdhaltaí. In amanna, bíonn na himeachtaí rótheoranta ina scóip agus ní thugann go leor dúshláin chun forbairt agus foghlaim éifeachtach a chur chun cinn.

## 5. RÉIMSÍ STAIDÉIR

### 5.1 AN GHAEILGE

5.1.1 Cé gurb é an Béarla príomhtheanga fhormhór na bpáistí, bíonn déanta ag an chuid is mó díobh siúd a thagann isteach sa chéad bhliain freastal ar naíscoil Ghaeilge agus bíonn ar a gcumas cuid mhór den Ghaeilge labhartha a thuiscint; ina theannta sin, bíonn roinnt bunscileanna cainte foghlamtha acu. Leagann na múinteoirí tosaíocht mhór ar fhorbairt leanúnach scileanna labhartha agus éisteachta na bpáistí. Cuirtear úsáid agus foghlaim Gaeilge na bpáistí chun cinn go héifeachtach mothálach trí cheistiú scilmhear ag na múinteoirí, agus trí chur ar fáil éagsúlacht de ghníomhaíochtaí, ina measc súgradh, eolaíocht fheidhmeach agus fhiosrach, agus scéalaíocht. Is tréith shuntasach d’obair na scoile seisiún scéalaíochta a reáchtáiltear gach seachtain do na páistí uile i mblianta 1-3. Glacann na páistí páirt go fonnmhar san imeacht spreagúil seo a bhfuil saibhreas Gaeilge ann agus baineann an-sult as; baineann na múinteoirí ranga sochar éifeachtach as an imeacht le scileanna labhartha agus scríbhneoireachta na bpáistí a leathnú.

5.1.2 Faoi bhliain 3, bíonn céim stuama líofachta á forbairt ag na páistí; faoi dheireadh EC2, láimhseálann siad agus déanann cumarsáid le cuid mhaith de theanga an churaclaim gan stró agus le díograis. Scaití, ó bhliain 4 ar aghaidh, bíonn freagraí labhartha na bpáistí róghairid i seisiúin ar fud an churaclaim; ba cheart go ndíreodh na múinteoirí isteach ar a thuilleadh forbartha a dhéanamh ar na straitéisí sin trínar féidir, níos comhsheasmhaí, páirtíocht agus ionchur na bpáistí sna himeachtaí teanga a leathnú.

5.1.3 Cuireann an scoil béim láidir ar fhorbairt rianúil scileanna léitheoireachta na bpáistí. Mar aon leis an scéim ghrádaithe léitheoireachta a cheap an scoil féin, cuirtear le suim na bpáistí sa léamh trí éagsúlacht léitheoirí agus úrscéalta breise. Infheistíonn na múinteoirí neart ama agus iarrachta i gcur le chéile leabhrán saothair ar de cháilíocht nach íseal iad, leabhráin a thagann le hábhair léitheoireachta na bpáistí agus a thacaíonn léi; tá siad ag tosú a bhaint feidhm éifeachtach as an raon de leabhráin ghrúpa agus d'úrscéalta fóirsteanacha a chuir tionscnaimh áiseanna Gaeilge i gcló le déanaí. Úsáideann na múinteoirí éagsúlacht mhaith straitéisí agus acmhainní le freastal ar an réimse leathan de riachtanais léitheoireachta, spéiseanna agus ábaltachtaí i ranganna éagsúla; sna ceachtanna a ndearnadh breathnóireacht orthu, d'eagraigh agus theagasc na múinteoirí an léitheoireacht go héifeachtach. Is go saoráideach a léann cuid mhaith de na páistí; ba cheart do na múinteoirí a n-aird a dhíriú ar chuidiú leis na páistí léamh os ard go sainráite agus le brí.

5.1.4 Tugtar buneolas deimhin ar mhochscileanna scríbhneoireachta Gaeilge do na páistí. Spreagtar go luath iad lena gcuid focal féin a úsáid agus, faoi bhliain 4, bíonn céim dhaingean neamhspleáchais le sonrú ina gcuid scríbhneoireachta. Faigheann na páistí taithí ar réimse measartha d'imeachtaí scríbhneoireachta; scríobhann siad freagraí ar litríocht an bhéaloidis, agus cuireann siad dialanna, litreacha agus cuntais tuisceana agus tráchtaireachta le chéile. Bhainfeadh na páistí is sine leas as níos mó deiseanna lena scileanna cruthaitheachta agus samhlaíochta, a dtaithí ar úrscéalta agus ar a bhfoghlaimíonn siad trasna an churaclaim a úsáid ar mhaithe lena scileanna scríbhneoireachta a shaibhriú agus a leathnú a thuilleadh.

## 5.2 CRUTHAITHEACHT AGUS FÉINCHUR IN IÚL

5.2.1 Ní leor an t-am a dháiltear ar ealaín agus dearadh, ar cheol agus ar chorpoideachas lena chinntiú gur go hoiriúnach a chlúdófar na cláir staidéir de CTÉ. Tá an clár staidéir don chruthaitheacht agus don fhéinchur in iúl róchúng; is beag deis a bhíonn ag na páistí le turgnamhacht a dhéanamh, le bheith samhlaíoch nó lena gcuid smaointe agus mothúchán féin a chur in iúl. Dréachtaíodh polasaithe creatlaigh i dtaobh ealaíne agus dearaidh, ceoil agus corpoideachais; léiríonn siad roinnt eispéireas agus gníomhaíochtaí tábhachtacha sna réimsí seo ábhar; ní mór forbairt a dhéanamh orthu le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt fhorásach scileanna agus tuisceana na bpáistí. Is go scáinte a riartar ar naisc le hábhair eile agus ar fhorbairt na dtéamaí oideachasúla.

5.2.2 Sna blianta tosaigh, baineann na páistí feidhm mhaith as dathanna le pictiúir a dhéanamh. Is amhlaidh a oibríonn na páistí is sine le hábhair eile, ina measc marla, agus tarraingíonn agus péinteálann siad le haghaidh obair a mhaisiú in ábhair eile. Cuireann roinnt de na comhthéacsanna seo deiseanna úsáideacha ar fáil d'fhonn breathnú cúramach a dhéanamh ar nithe. In EC1, ní bhíonn a sáith deiseanna ag na páistí don amhránaíocht nó lena gcuid ábaltachtaí sa cheol a fhorbairt; tá níos mó taithí de dhíth orthu ar sheinm agus ar chumadóireacht ceoil, ar bheith ag éisteacht le ceol agus ag freagairt dó. Breathnaíodh roinnt ceachtanna maithe sa chorpoideachas; bhí siad seo dea-eagraithe, le seisiúin chuí téamh suas agus fuarú síos san áireamh. Bhí na páistí díograiseach agus spreagtha; ghlac siad páirt iomlán sna himeachtaí a eagraíodh ar a son agus chomhoibrigh go maith lena gcomhdhaltaí i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga i rith na gcluichí. Bíonn taithí ag na páistí is sine ar sheisiúin eagraithe traenála sa chispheil; bhainfeadh siad tairbhe as seisiúin snámha.

5.2.3 Tá clár na n-imeachtaí seachtarscoile teoranta. Tá níos mó deiseanna de dhíth ar na páistí lena gcumais ealaíne agus spóirt a fhorbairt lasmuigh de churaclam na scoile. Bhainfeadh na páistí leas as páirt a bheith acu agus páirt a ghlacadh in imeachtaí iomaíocha seachtarchuraclaim le scoileanna eile sa cheantar áitiúil nó níos faide ar shiúl, mar shampla; thabharfadh sé seo an fhaill dóibh cuideachta a chleachtadh le lucht a gcomhaoise, a scileanna a fhorbairt agus imirt ar son na scoile i gcluichí foirne.

## 5.3 AN BÉARLA

5.3.1 D'ainneoin go bhfuil polasaithe uilescoile do theagasc an Bhéarla neamhiomlán, tugtar buneolas do na páistí in obair an Bhéarla ar mhodh mothálach dearfach sa chuid dheireanach de EC1. Spreagtar iad chun éisteacht go cruinn le Béarla labhartha agus, ina dhiaidh, le dul go forásach i mbun réimse de théacsanna ábharthacha. Tá stoc mór ábhar comhlachta léitheoireachta tagtha i seilbh na scoile ar na mallaibh d'fhonn tacú le himeachtaí léitheoireachta ag an leibhéal seo. Éisteann an chuid is mó de na páistí go haireach agus bíonn aird acu ar na himeachtaí nó na tascanna a chuireann na múinteoirí rompu. Tá easpa airde ag mionlach beag de na páistí a bhfuil tacaíocht nach beag de dhíobháil orthu chun fanacht ar tasc agus lena scileanna labhartha agus éisteachta a fhorbairt.

5.3.2 In EC2, baineann na múinteoirí leas leathan as ábhair chomhlachta agus as ábhair chúnta scoildéanta d'fhonn imeachtaí a bhaineann le léitheoireacht nó le scríbhneoireacht a chur chun cinn. Lena chois sin, bhain na páistí is sine sult as bheith ag léamh úrscéalta agus ag freagairt dóibh. Déantar éagsúlacht chuí ar an obair a leagtar amach le riar ar na riachtanais den réimse cumais a léirítear i ngach rang. Sa chuid is mó de na ceachtanna a coimhéadadh, bhí dea-chruth ar cheistiú na múinteoirí le tuiscint na bpáistí a aimsiú, agus chun iad a spreagadh le machnamh agus tuairisciú a dhéanamh ar a gcleachtaí indibhidiúla féin, agus le meas a bheith acu orthu. Is minic a bhíonn idirghníomh dea-fhonnmhar idir iad féin agus na múinteoirí. Scríobhann na páistí le haghaidh cuspóirí áirithe; is cuid den obair í an scríbhneoireacht chruthaitheach i ngach rang ag an leibhéal seo. Tá réimse, caighdeán agus cáilíocht na hoibre scríofa ilchineálach, áfach. Tá TEC á húsáid níos mó in aghaidh an lae le hobair scríofa a léiriú do lucht úsáide níos leithne. Ní dhéanann freagraí scríofa na múinteoirí soiléir go leor, ar uairibh, na tréithe ar sampla iad d'obair d'ardchaighdeán, nó an dóigh ar féidir obair a fheabhsú ar an mhórchóir.

## 5.4 TIMPEALLACHT AGUS SOCHAÍ

5.4.1 Tá ráitis leathana polasaí ann don tíreolaíocht agus don stair araon. Dhírigh an fhoireann isteach ar na mallaibh ar ábhair ar aontaigh siad uile orthu, agus ar scéim oibre ba mhine don stair. Tá an tionscnamh seo tráthúil agus torthúil; ba cheart go leathnófaí é leis an tíreolaíocht a chlúdach. Cuireann na cláir atá ann faoi láthair taithithe úsáideacha ar fáil sa dá ábhar; na himeachtaí agus na toipicí a úsáidfear le comhthéacsanna agus scileanna tábhachtacha a fhorbairt, tá gá lena sainmhíniú níos soiléire, agus le sochar sistéamúil a bhaint astu, go háirithe sa tíreolaíocht. Cuireann an clár atá ann faoi láthair do na páistí óga

deiseanna úsáideacha ar fáil le go gcluinfidh siad agus go labhróidh siad faoi athruithe san aimsir agus faoi ghnéithe eile den imshaol. Níos faide anonn, spreagtar na páistí chun nithe ar nós bréagán a láimhseáil, agus labhairt fúthu, nithe óna dtuigtear gur tharla athrú thar thréimhse ama. Tá múinteoirí indibhidiúla ag obair go díograiseach d'fhonn ábhair a chur in oiriúint agus d'fhonn cur lena n-acmhainní chun tacú lena gcuid oibre i dteagasc na staire agus na tíreolaíochta trí mheán na Gaeilge. Ag EC2, déanann na páistí staidéar ar shaintoipicí staire ar nós na Lochlannach, na Victeoiriach agus an Duine Daonna Moch; ar a bharr sin, oibríonn siad ar roinnt scileanna tíreolaíochta, ach ní dhéanann staidéar ach ar líon teoranta áiteanna.

## 5.5 AN MHATAMAITIC

5.5.1 Cuireann an phleanáil uilescoile treoir éigin ar fail ar chur chuige múinteoireachta, go háirithe san uimhreas agus in inmheánú coincheap. Ní chuireann sí, áfach, a sáith mionsonraí ar fáil le críochnúlacht an chláir staidéir a dheimhniú, ná leanúnachas soiléir sa mhatamaitic tríd an scoil.

5.5.2 Ag EC1, tugtar buneolas ar mhatamaitic do na páistí trí shúgradh struchtúrtha agus imeachtaí uileranga. De réir mar a leanann siad orthu tríd an scoil, bíonn deiseanna áirithe ag na páistí trealamh praiticiúil a úsáid lena dtuiscint ar uimhreas, cruth agus spás a fhorbairt. Sa chuid is mó de na ranganna, áfach, tá réimse na straitéisí múinteoireachta a úsáidtear le heolas agus tuiscint na bpáistí ar an mhatamaitic a fhorbairt róchúng; ní ritheann an obair go maith le riachtanais indibhidiúla na bpáistí agus cuirtear barraíocht béime ar chríochnú gnáthchomhaireamh coitianta san uimhreas. I ranganna áirithe, bíonn tréimhsí cuí ina ndéantar comhaireamh ó mheabhair á dtabhairt isteach ag na múinteoirí chun cuidiú leis na páistí a gcumas a fhorbairt teacht go gasta ar bhunfhíricí uimhreacha agus chun cur lena solúbthacht i smaoineamh matamaiticiúil; i gcoitinne, is neamhfhorbartha do na deiseanna atá ann leis an ghné seo d'fhoghlaim na matamaitice a thabhairt chun cinn. I gcuid mhór ranganna, ní thig riar san am a thugtar don mhatamaitic ar thacaíocht chuí a thabhairt do riachtanais indibhidiúla na bpáistí. Tá easpa deiseanna ag na páistí lena dtuiscint mhatamaiticiúil a thástáil i suímh dhea-bheartaithe fíorshaoil nó trína feidhmiú i réimsí eile de chuid an churaclaim. Sroicheann cuid de na páistí caighdeáin shásúla in uimhreas; i dtaca leis an chuid is mó de na páistí, fanann na caighdeáin íseal ar fud réimse iomlán an chláir staidéir. Déanann cuid mhaith de na páistí meancóga míchúramacha ina gcuid áireamh, agus téann i muinín áireamh méar nó áireamh pinn is páipéir le háirimh fhurasta a dhéanamh; níl a sáith muiníne nó neamhspleáchais acu i gcuid mhór réimsí den mhatamaitic le go gcuirfí bonn daingean ar fáil don fhoghlaim a bheadh le teacht.

## 5.6 AN EOLAÍOCHT

5.6.1 Tá luathobair na bpáistí san eolaíocht, a chlúdaíonn gnéithe tábhachtacha den oideachas i dtreo na sláinte, comhtháite go maith le téamaí agus ábhair an ranga; in EC1, mar shampla, leathnaítear le rún daingean an tuiscint atá ag na páistí ar ghlaineacht phearsanta i rith seisiúin scéalaíochta. Glacann na páistí i ngach rang páirt in imeachtaí úsáideacha praiticiúla. Léiríonn siad díograis i leith a gcuid oibre san eolaíocht, agus glacann páirt go fonnmhar, ar bhonn beirte nó grúpa, ina gcuid imeachtaí eolaíochta. Baintear úsáid mhaith as foirgneamh na scoile agus as a fearann agus, in amanna, as an timpeallacht áitiúil, le scileanna iniúchtacha na bpáistí a fhorbairt, mar aon lena dtuiscint ar thoipicí amhail plandaí, fuaim, leictreachas agus ábhar. Cuireann na múinteoirí ar fud na scoile béim láidir ar úsáid

theanga chruinn na heolaíochta agus tá na páistí ag sealbhú foclóir eolaíochta atá lánoiriúnach leathan. I gcuid de ranganna EC2, baineadh leas réamhbheartaithe as an obair san eolaíocht le scileanna na bpáistí i scríbhneoireacht chruthaitheach a spreagadh. Mar sin féin, tá níos mó deiseanna ag teastáil ó na páistí lena n-eolas ar an eolaíocht agus lena bhfuair siad amach fá dtaobh di a thaifeadadh níos neamhspleáiche agus níos leathnaithí. Tá réimsí eile ann ab fhéidir a fheabhsú, ina measc, go háirithe, forbairt is sistéamúla ar scileanna na bpáistí sa teicneolaíocht agus sa dearadh.

## 6. SOCRUITHE BAINISTEOIREACHTA

6.1 Tá mórchlaochlú le sonrú ar an fhoireann le bliain anuas. Tá beagnach leath na foirne láithrí ag cleachtadh na múinteoireachta ach le tamall beag anuas. Tugann na múinteoirí nua le fios go bhfuil siad ag socrú isteach go maith sa scoil. Is tráthúil, mar sin de, don scoil rólanna agus freagrachtaí na múinteoirí a athshainmhíniú, agus riachtanais traenála a aithint. Tá croí an phríomhoide agus an leasphríomhoide go hiomlán sa scoil, agus d’oibrigh siad go dílis dúthrachtach, i gcuideachta daoine eile, le stór maith áiseanna a chur i gceann a chéile d’fhonn tacú leis an teagasc agus an fhoghlaim trí mhéan na Gaeilge. Cé go bhfuil dul chun cinn nach beag déanta sa saothrú seo, tá comhordú foirmeálta in easnamh i roinnt réimsí tábhachtacha de churaclam na scoile. Tá fianaise ann go rabhthas ag comhoibriú go torthúil ar na mallaibh i roinnt réimsí den churaclam ach tá forbairt níos rianúla de dhíth ar ról an chomhordaitheora agus ar an mhodh a ndéantar an comhordú.

6.2 Tá ráitis leathana polasaí faoi lánseol ag an scoil lena hobair a threorú i mbeagnach gach réimse; ní mór don scoil, áfach, polasaithe níos mionchruinne a fhorbairt lena hobair sa Bhéarla, sna téamaí oideachasúla agus i réimsí eile ábhar a stiúradh. D'oibrigh Bord na nGobharnóirí, a cuireadh le chéile in athuair ar na mallaibh, leis an phríomhoide chun plean gníomhaíochta uileghabhálach a cheapadh ina n-aithnítear roinnt gnéithe de chlár na scoile a bhfuil díth forbartha orthu. Beidh de thábhacht ag an scoil tosaíocht a thabhairt do na réimsí seo, agus mionchur síos a dhéanamh ar chritéir áirithe ratha, ar straitéisí cur i gcrích, ar riachtanais traenála inseirbhíse, ar impleachtaí airgeadais, agus ar shocruithe do luacháil fhoirmeálta ar dhul chun cinn. Tá ceannaireacht shoiléir de dhíth ón phríomhoide agus ó na sealbhóirí eile poist chun go gcinnteofar go gcuirfear straitéisí ar lámh shábhála le cáilíocht na múinteoireachta agus na foghlama a neartú, a mhonatóireacht agus a luacháil.

6.3 Tá ráiteas úsáideach polasaí curtha le chéile ag an scoil leis an riar ar RSO a threorú. Tá 26 páiste a bhfuil cuidiú speisialta de dhíobháil orthu aitheanta ag na múinteoirí, agus baintear 22 acu amach as an rang ina ngrúpaí beaga le tacaíocht bhreise a fháil ó mhúinteoir páirtaimseartha i ngnéithe d’fhorbairt teanga. Cuireann an príomhoide agus múinteoirí EC1 tuilleadh cuidithe ar fáil do chuid de na páistí seo. Tá pleananna tacú foghlama curtha i bhfeidhm d’fhormhór na bpáistí atá ar chlár RSO na scoile. Bíonn na seisiúin astarraingthe ar siúl i seomra fairsing ranga, atá deisiúil agus é suite go lárnach. Iompraíonn an múinteoir páirtaimseartha RSO na seisiúin ar mhodh tacúil, ag díriú isteach go príomha, i gcomhairle

leis na múinteoirí ranga, ar fhorbairt gnéithe de scileanna léitheoireachta na bpáistí. Beidh sé tábhachtach ag an scoil tabhairt faoi laigí tábhachtacha sa soláthar aici, má tá sí le feabhas a chur ar chomhordú, ar cháilíocht agus ar éifeacht an chláir RSO. Ina measc siúd tá: an gá atá le mionsonraí scríofa faoi na páistí i dtaobh a ndeacrachtaí aitheanta foghlama a chur ar fáil don mhúinteoir RSO sa dóigh gur fearr a bheifí in ann an tacaíocht bhreise a chur in oiriúint dá riachtanais indibhidiúla; spriocanna níos cruinne a fhorbairt sna pleananna tacú foghlama; athbhreithniú níos foirmeálta a thabhairt isteach ar dhul chun cinn na bpáistí, agus rannpháirtíocht na dtuismitheoirí sa chlár RSO a leathnú níos sistéamúla.

6.4 Tá an scoil, a tógadh ar leithligh, suite ar láthair úr ardchaighdeáin; is mór a chuidíonn an fhoirgníocht le hobair na scoile. Tá an t-áitreabh glan agus á choinneáil ar deil is ar dóigh.

## 7. CONCLÚID

7.1 Tá buanna ag an scoil: ina measc sin tá na múinteoirí díograiseacha, dea-iompar na bpáistí, cáilíocht mhórchuid na múinteoireachta, an dul chun cinn nach beag i bhforbairt scileanna Gaeilge na bpáistí, na foirgnimh fhíormhaithe agus na naisc láidre leis an ionad áitiúil réamhscoile. Tá réimsí is féidir a fheabhsú arna n-aithint ag an chigireacht, mar an gá le níos mó pleanála agus comhordaithe ar bhonn uilescoile, riar ar RSO, fairsinge agus cothromaíocht eispéiris churaclaim na bpáistí, réimse na n-imeachtaí seachscoile agus modhanna aontaithe i leith mharcáil obair na bpáistí. Caithfear tabhairt faoi na réimsí seo má tá an scoil le freastal is comhsheasmhaí a dhéanamh ar riachtanais na bpáistí uile.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2008

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk